2026/530 11.3.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/530 ÓN gCOIMISIÚN

## an 10 Márta 2026

## maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha na caoireola agus na muiceola san Ungáir

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 220(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Idir an 6 Márta 2025 agus an 17 Aibreán 2025, dheimhnigh an Ungáir cúig ráig den ghalar crúb agus béil agus thug sí fógra fúthu. Ba é an t-eallach an speiceas a bhí buailte.

(2) Rinne an Ungáir na bearta sláinte ainmhithe agus tréidliachta uile ba ghá láithreach agus go héifeachtúil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún [3].

(3) Go sonrach, rinne an Ungáir bearta rialaithe, faireacháin agus coisctheacha agus bhunaigh sí criosanna cosanta agus faireachais ('na criosanna rialaithe') de bhun Chinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2025/496 [4], (AE) 2025/613 [5], (AE) 2025/654 [6], (AE) 2025/672 [7], (AE) 2025/696 [8], (AE) 2025/795 [9], (AE) 2025/827 [10] agus (AE) 2025/1097 [11] ón gCoimisiún.

---

(1) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

(2) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

(4) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/496 ón gCoimisiún an 11 Márta 2025 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le galar crúb agus béil san Ungáir (IO L 2025/496, 12.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/496/oj).

(5) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/613 ón gCoimisiún an 24 Márta 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil san Ungáir agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/496 (IO L, 2025/613, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/613/oj).

(6) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/654 ón gCoimisiún an 26 Márta 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/613 (IO L, 2025/654, 31.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/654/oj).

(7) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 ón gCoimisiún an 31 Márta 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/613 (IO L, 2025/672, 2.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/672/oj).

(8) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/696 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic (IO L, 2025/696, 4.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/696/oj).

(9) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/795 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic (IO L, 2025/795, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/795/oj).

(10) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/827 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic (IO L, 2025/827, 28.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/827/oj).

(11) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1097 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic (IO L, 2025/1097, 27.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1097/oj).

(4) Maidir leis na bearta sláinte agus tréidliachta ba ghá, bearta a cuireadh i bhfeidhm chun leathadh an ghalair a shrianadh agus a dhíothú, chuir an Ungáir an Coimisiún ar an eolas go ndearnadh difear leo do roinnt oibreoirí agus gur chaill na hoibreoirí sin ioncam nach raibh incháilithe don ranníocaíocht airgeadais ón Aontas faoi Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

(5) An 22 Lúnasa 2025, fuair an Coimisiún iarraidh fhoirmiúil ón Ungáir chun bearta eisceachtúla áirithe a pháirtmhaoiniú de bhun Airteagal 220(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le haghaidh na ráigeanna a deimhníodh idir an 6 Márta 2025 agus an 17 Aibreán 2025.

(6) Mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta dá dtagraítear in aithrisí 3 agus 4, ba lú luach na gcaorach le ramhrú nach bhféadfaí a mharú agus a dhíol ina n-uain éadroma aimsir na Cásca mar gheall ar shrianta gluaiseachta agus bhí caillteanais eacnamaíocha ann mar gheall ar thréimhsí is faide tógála agus ramhraithe muc.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 220(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ní mór an páirtmhaoiniú ón Aontas a bheith coibhéiseach le 60 % den chaiteachas a d'iompair an Ungáir as na bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla ábhartha. Na huaschainníochtaí atá incháilithe do mhaoiniú i leith gach birt tacaíochta margaidh eisceachtúil, ba cheart don Choimisiún iad a shocrú tar éis dó grinnscrúdú a dhéanamh ar an iarraidh a fuarthas ón Ungáir i dtaca leis na ráigeanna.

(8) Chun aon riosca róchúitimh a sheachaint, ba cheart na huasmhéideanna agus méid ráta comhréidh an pháirtmhaoinithe a bhunú ar staidéir theicniúla agus eacnamaíocha nó ar dhoiciméid chuntasaíochta agus ba cheart iad a shocrú ar leibhéal atá iomchuí i gcás gach ainmhí de réir catagóirí.

(9) Chun aon riosca cistithe dhúbailte a sheachaint, níor cheart na caillteanais a thabhaigh tairbhithe a chúiteamh le státchabhair ná le hárachas, agus ba cheart an páirtmhaoiniú ón Aontas faoin Rialachán seo a bheith teoranta d'ainmhithe agus do tháirgí incháilithe nach bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ina leith faoi Rialachán (AE) 2021/690.

(10) Maidir le méid agus fad na mbeart tacaíochta margaidh eisceachtúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart iad a bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun tacú leis an margadh. Go sonrach, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla ach amháin maidir le táirgeadh caoireola agus muiceola ó na gabháltais atá lonnaithe sna criosanna rialaithe agus ar feadh fhad na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus i reachtaíocht na hUngáire atá ábhartha maidir leis na ráigeanna.

(11) Chun solúbthacht a áirithiú i gcás nach ionann an líon ainmhithe atá incháilithe do chúiteamh agus na huaslíonta a shocraítear sa Rialachán seo, líonta atá bunaithe ar mheastacháin, féadfar cúiteamh a choigeartú laistigh de theorainneacha áirithe, ar choinníoll go n-urramaítear an t-uasmhéid caiteachais a pháirtmhaoineoidh an tAontas.

(12) Ós rud é gur ina euro a shocraítear an chabhair ón Aontas, is gá cur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhuaineach a áirithiú agus dáta a shocrú lena gcomhshófar an méid a leithdháilfear ar na Ballstáit nár ghlac an euro mar a n-airgeadra náisiúnta, mar is amhlaidh i gcás na hUngáire. Ós rud é nach ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le sprioc-am chun na hiarratais ar chabhair a chur isteach, is iomchuí, chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([13]), dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheas ina theagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte maidir leis na méideanna a leagtar amach sa Rialachán seo.

(13) Chun éifeachtacht an bhirt eisceachtúil sin a áirithiú, ba cheart an tacaíocht airgeadais éigeandála a bheith faighte go tapa ag na tairbhithe. Ina theannta sin, ba cheart faireachán tráthúil ar an mbuiséad a áirithiú chomh maith le bearta leantacha cothrom le dáta agus úsáid éifeachtúil an chúlchiste talmhaíochta, agus, ar an gcaoi sin, infhaighteacht an chúlchiste a uasmhéadú agus feabhas a chur ar an acmhainneacht freagairt go pras do ghéarchéimeanna a thagann chun cinn. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta incháilitheachta a shainiú don Ungáir chun an tacaíocht sin a íoc leis na tairbhithe. Aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an dáta sin, ba cheart a mheas go mbeadh sí neamh-incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

([12]) Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/690/oj).

([13]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

(14) Dá bhrí sin, an caiteachas a thabhóidh an Ungáir faoin mbeart eisceachtúil sin, níor cheart don Aontas é a mhaoiniú ach amháin i gcás ina ndéanfar an caiteachas sin faoi dháta incháilitheachta áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht don bheart eisceachtúil sin a íoc faoin 31 Lúnasa 2026.

(15) Ó tharla nach measfar aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an 31 Lúnasa 2026 a bheith incháilithe in imthosca ar bith, ní bheidh feidhm ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, lena ndéantar foráil maidir le laghdú comhréireach ar na híocaíochtaí míosúla a dhéantar tar éis an sprioc-ama.

(16) Chun incháilitheacht agus cruinneas na n-íocaíochtaí a áirithiú, ba cheart don Ungáir seiceálacha *ex ante* a dhéanamh.

(17) Chun a áirithiú go ndéanfaidh an Ungáir na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Soláthróidh an tAontas páirtmhaoiniú a bheidh coibhéiseach le 60 % den chaiteachas a d'iompair an Ungáir chun tacú le margaí na caoireola agus na muiceola a bhí buailte go dona ag na ráigeanna den ghalar crúb agus béil, ráigeanna a bhraith an Ungáir agus ar thug sí fógra fúthu idir an 6 Márta 2025 agus an 17 Aibreán 2025.

*Airteagal 2*

1. Ní bheidh caiteachas a d'iompair an Ungáir incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas ach amháin:

(a) ar feadh fhad chur i bhfeidhm na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 1; agus

(b) i gcás na ngabháltas caorach agus muc sin a bhí faoi réir na mbeart sláinte ainmhithe agus tréidliachta agus atá lonnaithe sna criosanna dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn ('na criosanna rialaithe'); agus

(c) más rud é go mbeidh sé íoctha ag an Ungáir leis na tairbhithe faoin 31 Lúnasa 2026 ar a dhéanaí; agus

(d) murar thairbhigh an t-ainmhí ná an táirge, maidir leis an tréimhse a bhaineann leis na ráigeanna dá dtagraítear i bpointe (a), d'aon chúiteamh trí bhíthin státchabhrach nó árachais agus mura bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ina leith faoi Rialachán (AE) 2021/690.

2. An caiteachas a íocfaidh an Ungáir tar éis an 31 Lúnasa 2026, ní bheidh aon chuid de incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, gan beann ar an gcion den chaiteachas atá i gceist leis.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 434 970, mar a shonraítear thíos, uasmhéid an pháirtmhaoinithe ón Aontas:

(a) i gcás caillteanais a bhaineann le tréimhsí fada tógála agus ramhraithe muc de dheasca srianta gluaiseachta sna criosanna rialaithe, beidh feidhm ag an ráta comhréidh EUR 1,18 in aghaidh na muice in aghaidh an lae suas le 28 441 ainmhí ar a mhéad;

(b) i gcás caillteanas ar luach ainmhithe sna criosanna rialaithe, an t-uasmhéid EUR 57 553 le haghaidh caorach suas le huasmhéid 1 071 chaora.

2. I gcás inar mó an líon ainmhithe atá incháilithe do chúiteamh ná an t-uaslíon ainmhithe in aghaidh na míre a leagtar amach i mír 1, féadfar an caiteachas atá incháilithe do pháirtmhaoiniú ón Aontas a choigeartú in aghaidh na míre agus féadfaidh sé a bheith níos mó ná na méideanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm na n-uaslíonta in aghaidh na míre, ar choinníoll go mbeidh iomlán na gcoigeartuithe fós faoi bhun 20 % den uasmhéid caiteachais a pháirtmhaoineoidh an tAontas dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 4*

Déanfaidh an Ungáir seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair i gcomhréir le hAirteagail 59 agus 60 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]).

Fíoróidh an Ungáir an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) incháilitheacht an iarratasóra a bhfuil an iarraidh ar thacaíocht á cur isteach aige;

(b) i gcás gach iarratasóra incháilithe: incháilitheacht, cainníocht agus luach an chaillteanais táirgeachta iarbhír;

(c) nach bhfuair aon iarratasóir incháilithe cistiú ó aon fhoinse eile chun na caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo a chúiteamh.

I gcás iarratasóirí incháilithe a gcuirtear seiceálacha riaracháin i gcrích ina leith, féadfar cabhair a íoc gan fanacht go dtí go ndéanfar na seiceálacha uile, go háirithe na hiarratasóirí sin a roghnaíodh le haghaidh seiceálacha ar an láthair. Mar sin féin, ní mór na seiceálacha uile ar an láthair a dhéanamh tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis na n-íocaíochtaí.

I gcásanna nár deimhníodh incháilitheacht iarratasóra, aisghabhfar an chabhair agus cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (AE) 2021/2116.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Márta 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([14]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

*IARSCRÍBHINN*

**Liosta de reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(1) ina liostaítear na criosanna rialaithe agus na tréimhsí**

Codanna den Ungáir agus tréimhsí arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus a shainítear sna Cinntí Cur Chun Feidhme seo a leanas:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/496;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/613;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/654;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/696;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/795;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/827;

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1097.